



2024/1068

15.4.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1068 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Aibreán 2024

maidir le húdarú ullmhóide arb é atá inti eastóscán maróis mar bhreiseán beathaithe le haghaidh cat agus madraí

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh isteach iarratas maidir le húdarú ullmhóide arb é atá inti eastóscán maróis a fhaightear ó dhuilleoga triomaithe de *Rosmarinus officinalis* L., trí eastóscadh aicéatóin nó eatánóil. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.
- (3) Baineann an t-iarratas le húdarú na hullmhóide eastóscáin maróis mar bhreiseán beathaithe le haghaidh cat agus madraí, agus iarrtar ann go n-aicmeofaí an breiseán sin i gcatagóir na mbreiseán 'breiseáin theicneolaíocha' agus san fheidhmghrúpa 'frithocsaídeoirí'.
- (4) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 18 Samhain 2021 ⁽²⁾, maidir leis an ullmhóid eastóscáin maróis a fhaightear ó dhuilleoga triomaithe *Rosmarinus officinalis* L. trí eastóscadh aicéatóin nó eatánóil, go bhfuil sí sábháilte suas le huasleibhéil úsáide de 300 mg/kg agus 50 mg/kg d'ábhar beatha iomlán le haghaidh madraí agus cat, faoi seach (rud a chomhfhreagraíonn do thiúchan 34 agus 5 mg/kg d'aigéad carnaiseach faoi seach). Tháinig sé ar an gconclúid freisin gur cheart an ullmhóid a mheas mar ghreannaitheoir craicinn agus súl, ach níorbh fhéidir leis teacht ar chonclúid maidir lena hacmhainneacht a bheith ina hiogróir craicinn. Mheas sé nár dhócha go mbeadh nochtadh trí ionanálú ann. Ós rud é go n-úsáidtear eastóscán maróis mar bhreiseán bia, agus go mbeadh an fheidhm chéanna aige i mbeatha, go bunúsach, agus atá aige i mbia, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go meastar nach bhfuil gá le haon léiriú éifeachtúlachta breise. D'fhóraigh an tÚdarás freisin an tuarascáil ar an modh anailise ar an mbreiseán beathaithe in ábhar beatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (5) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann an ullmhóid eastóscáin maróis na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na hullmhóide sin a údarú. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc.
- (6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2022;20(1):6978.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An ullmhóid a shonraítear san Iarscríbhinn, ullmhóid a bhaineann leis an gcatagóir breiseán 'breiseáin theicneolaíocha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'frithocsaídeoirí', údaraítear í mar bhreiseán i gcothú ainmhithe faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Aibreán 2024.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údairithe
					mg d'aigéad carnaiseach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: frithocsaídeoírí								
1b392	Eastóscán maróis	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Ullmhóid arb é atá inti eastóscán maróis ó dhuilleoga triomaithe <i>Rosmarinus officinalis</i> le haigéad carnaiseach 9-12 %, suim d'aigéad carnaiseach agus carnasól ≥ 10 % Foirm leachtach Faightear eastóscán trí mhodhanna eastósctha aicéatóin nó eatánóil. Tuaslagóirí iarmharacha (aicéatón nó eatánól) ≤ 250 mg/kg Camfar ≤ 150 mg/kg <i>Tréithriú na substaintí gníomhacha</i> Aigéad carnaiseach C₂₀H₂₈O₄ Uimhir CAS 3650-09-7 Carnasól C₂₀H₂₆O₄ Uimhir CAS 5957-80-2 Suim d'aigéad carnaiseach agus carnasól san eastóscán: ≥ 90 % w/w de dhétheirpéiní feanólachaan eastóscáin; ≥ 15 % w/w d'iomlán na substaintí so-ghalaithe	Cait Madraí			5 34	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 2. Ní bheidh sárú ar uasleibhéal ceadaithe na substainte sin in ábhair bheatha iomlána arna mbunú le haghaidh gach speicis ábhartha mar thoradh ar úsáid chomhuaineach foinsí éagsúla aigéid charnaisigh. 3. Maidir le húsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	5 Bealtaine 2034

		Modh anailíse ⁽¹⁾ Maidir le haigéad carnaiseach sa bhreiseán beathaithe a chainníochtú: — Crómatagrafaíocht leachta ardheidhmíochta le brath speictreafótaiméadrach (HPLC-UV) Chun aigéad carnaiseach a chainníochtú i mbeatha chumaisc: — Crómatagrafaíocht gháis le brath ianúcháin lasrach (GC-FID)						
⁽¹⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga								